**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2015***

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn B* *(60 marc)*

***Dé Luain, 15 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

### *Treoracha*

***(a)*** *Freagair* ***trí*** *cheist. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(b)*** *Freagair ceist 5A* ***nó*** *ceist 5B ach* ***ná*** *freagair an dá cheann.*

***(c)*** *Áit a bhfuil gá le sceitsí, is ceadmhach iad a dhéanamh go saorlámhach nó ar an bpáipéar greille atá ar fáil.*

***(d)*** *Scríobh do scrúduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*

***(e)*** *Ba chóir* ***Ceist 1*** *sa roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líníochta. Ba chóir gach ceist eile a fhreagairt ar an bhfreagarleabhar a sholáthraítear.*

**1.** Taispeánann an léaráid foireann de chéimeanna adhmaid.


(i) De réir scála 1:4, tarraing **aghaidhchló** de na céimeanna sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

(ii) Teilg **bonnchló** ón aghaidhchló.

(iii) Teilg **taobhchló**.

***Nóta:*** *Níl gá le mionsonraí folaithe.*






*Ábhar fráma: 60mm × 20mm*
*Gach ábhar eile: 20mm ar tiús*

**2.** (i) Is dhá chéim i ngnáthphróiseas dearaidh iad **Sceitsí/Líníochtaí Oibre** agus **Smaointe Dearaidh/Réitigh**. Mínigh an **DÁ** chéim seo.

(ii) Taispeánann an iomhá bailiúchán d'uirlisí DIY agus de threalamh atá le fáil in an-chuid tithe.





Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat chun do chuid smaointe a chur in iúl, dear aonad adhmaid iniompartha oiriúnach chun trealamh dá leithéid a stóráil.

(iii) Luaigh **DHÁ** riachtanas dearaidh ar leith nach mór a chur san áireamh i ndearadh an aonaid atá beartaithe.

(iv) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, mínigh conas ar chur tú an **DÁ** riachtanas seo san áireamh i do réiteach deiridh dearaidh.

**3.** Chun a chion taise a laghdú, is gnách adhmad a stálú sula n-úsáidtear é. Taispeánann an léaráid modh amháin chun adhmad a stálú.




(i) Cad é an t-ainm ceart ar an modh stálaithe seo?

(ii) Luaigh **FEIDHM gach** ceann de na páirteanna a leanas, mar a thaispeántar sa léaráid:

- **Fean**
- **Scairdeanna Gaile**
- **Cornaí Téite**
- **Caolaigh**
- **Tralaí**


(iii) Ainmnigh modh stálaithe adhmaid **AMHÁIN** eile.

Luaigh **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an dara modh stálaithe seo. Déan tagairt ar leith don chion taise gur féidir a bhaint amach le **gach** modh.

(iv) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, ainmnigh **TRÍ** mháchail a bhaineann le stálú. Déan cur síos ar conas is féidir **gach** máchail a chosc.

**4.** Taispeánann an iomhá ar dheis ceithre chineál sáibh.

**A**



**B**



**C**




**D**




(i) Luaigh an t-ainm ceart do gach ceann de na sábha lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D**, agus abair cá n-úsáidfí gach sábh.

(ii) I bhformhór na sábha, is amach ón gcluas a bhíonn na fiacla dírithe, ach i sábh **C** de ghnáth bíonn na fiacla dírithe i dtreo na cluaise. Mínigh cén fáth gur mar sin a bhíonn siad.

(iii) Agus nótaí agus sceitsí ***néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint chun lann bhriste a athchur i sábh **C**.




(iv) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos, ***go mion***, ar na céimeanna a ghlacfá chun an trinse a thaispeántar sa léaráid a mharcáil amach agus a bhaint amach.

**5. Freagair 5A *nó* 5B**

**5A.** Taispeánann an iomhá coinneálaí biachláir do bialann. Tá an coinneálaí déanta as aicrileach lúbtha atá ceangailte le bonn adhmaid. Tá dhá pholl ciorclach san aicrileach ag foirceann amháin, faoi mar a thaispeántar, chun boinn na gcoimeádán salainn agus piobair a choinneáil.




(i) Agus ***sceitse néata saorláimhe*** á úsáid agat, tarraing fhorbairt an dromchla nár mhór a mharcáil amach ar an mbileog aicrileach chun an coinneálaí a dhéanamh.

(ii) Agus nótaí ***agus sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ***go mion*** ar na céimeanna atá le leanúint chun an coinneálaí a **GHEARRADH AMACH** agus a **DHEILBHIÚ**.

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a dhéanfá an dá pholl ciorclach sa bhileog aicrileach.

(iv) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint chun an coinneálaí aicrileach a fheistiú ar an mbonn adhmaid, agus ceithre scriú á n-úsáid.

**NÓ**

**5B.** Déantar adhmad a dheilbhiú go minic ar bhealaí éagsúla, amhail deileadh, snoí agus lannú.

(i) Taispeánann na hiomhánna ar dheis trí mhodh dhifriúla snoíodóireachta. Ainmnigh **GACH** modh díobh.



**A**




**B**



**C**

(ii) De gnáth is é a bhíonn i gceist le snoíodóireacht ná dearadh nó pátrún a aistriú ó phíosa páipéir go píosa adhmaid. Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.



(iii) Is cosa lannaithe iad na ceithre chos atá sa tionscadal mic léinn ar dheis. Luaigh **DHÁ** chúis go n-úsáidtear lannú in ionad cosa cuartha a ghearradh amach as adhmad soladach.

(iv) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá le leanúint chun ceann **AMHÁIN** de na cosa lannaithe a dhéanamh.